

Gníomhaíocht Daltaí: Léimeanna Comhairimh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘Léimeanna Comhairimh’, ar CD an Dalta.

1. Comhair i ndónna (2anna), le ‘léimeanna’ de 2, agus comhlánaigh an tábla seo:

0						
---	--	--	--	--	--	--

2. Comhair i dtríonna (3anna), i ‘léimeanna de 3’, agus comhlánaigh an tábla seo:

0						
---	--	--	--	--	--	--

3. Comhair i 3anna, agus comhlánaigh an tábla seo:

2						
---	--	--	--	--	--	--

4. Comhair i 2anna, agus comhlánaigh an tábla seo:

5						
---	--	--	--	--	--	--

5. Comhair i ‘léimeanna de -1’, agus comhlánaigh an tábla seo:

0						
---	--	--	--	--	--	--

6. Comhair i ‘léimeanna de -1’, agus comhlánaigh an tábla seo:

3						
---	--	--	--	--	--	--

7. Comhair i 3anna, agus comhlánaigh an tábla seo:

-2						
----	--	--	--	--	--	--

8. Comhair i 2anna, agus comhlánaigh an tábla seo:

-2						
----	--	--	--	--	--	--

9. Tosaigh ag 6: cé mhéad ‘léim de 3’ a theastaíonn chun dul fad le 24?

10. Ag tosú ag 7, cé mhéad ‘léim de 4’ a theastaíonn chun uimhir cothrom le nó níos mó ná 35 a bhaint amach?

11. Ag tosú ag 5, cén líon is lú ‘léimeanna de 4’ a theastaíonn chun uimhir níos mó ná 25 a bhaint amach?

12. Tá Máirín le suirbhé faoin tseirbhís bhus a dhéanamh ar na 100 teach ar an tsráid. Tosaíonn sí le teach Uimhir 2, agus déanfaidh sí gach ceathrú ($4^ú$) teach ina dhiaidh.

a. Cé na tithe a bheidh sa suirbhé?

b. Dá mba 200 teach a bhí ar an tsráid, an mbeadh uimhir 153 páirteach sa suirbhé, de réir an phatrúin i bpáirt a? Mínigh do fhreagra.

13. 30 lá atá i mí Aibreáin agus chinn Déaglán €5 a choigilt gach $3^ú$ lá, ag tosú an $4^ú$ lá den mhí. Cé mhéad ar fad a bheidh coigilte aige faoi dheireadh na míosa?